

NAOMH MARTAN

12/11/39

(Éamon a Búrca)

Págánach mór le radh a bhí ann fadó agus tháinig bliain thirim. Bhí sé a' ceapadh nach mbeadh fata ná arbhar ná ní ar bith sa domhan nach mbeadh ó rath de bharr an triomacht, ceal uisge agus nach raibh aon ní ní b'fhearr le déanamh aige fhéin ná ghul amach ar an tír uilig – fear, bean, gasúr bheadh i ndon canna uisge a tharraingt a chur ag obair agus an t-uisge a chaitheamh ar na guirt agus go mbadh é an seans ab fhearr a bhí acub, é le buachtáil ar a triomucht.

Bhí bean an phágánach istigh. Bhí arán thíos aice dá bhrúth, neart teine faoi aice agus neart teineadh a gclár as a chionn, nuair a tháinig sean-fhear liath isteach agus maide ina láimh aige le aois agus le chreathadh. Shuidh sé síos le ordú bean an tighe agus ní rabh fhios aige cé hé mar ní fhaca sí cheana ariamh é.

D'fhiafrúigh sé dhí céard a bhí dhá bhrúth insa bpota aice agus dubhairt sí go mb'arán le haghaidh fear a thighe.

"Agus cá bhfuil fear a tighe?" adeir an sean-fhear.

"Tá sé amuich é fhéin agus cupla céad duine in éinfheacht leis a tarraingt uisge le cruthadh ar na gugre mar nach mbuadh fadh muid aon bhlas go deo air cheal na báistighe agus an talamh a bheith fliuch mar tá sé dóighthe ag an ngrian.

"Breathnuigh ar do chuid aráin", adeir an sean-fhear liath, "nó beidh sé dóighthe ort féin". D'éirigh an sean-fhear liath agus chuaigh sé amach. Chuaigh bean a tighe a breathnú ar an arán agus bhí an clár dhá chrochadh aníos (? As lár a cháca) ag geamhar a'fás aníos tríd an arán le míorbhuiltí Dé. Chuir an bhean fios ar an bhfear leis an athrú a tháinig ina croidhe féin.

Tháinig an fear isteach agus nuair a chonaic sé an cáca agus an geabhar fásta tríd d'iarr sé maithinús ar a bhfear is fearr agus fuair sé sin agus d'athruigh sé féin agus a mhuintir uilig. Badh é naomh Mártan an sean-fhear liath a tháinig isteach an dorus.

Daoine nach mbíodh aon éan nó beithidheach le marbhú acab tharraingighidís fuil as a gcois, le snáthaid, i n-ónóir do Mhártan.

Fuil an éan a marbhúigh tear do Mhártan déantas cora céasta leithe ar an mbaitheas nó ar a bhfárdoras leis an órdóg, ba chuma cé mharbhóchadh an t-éan nó an chaoire, ach an fhuil a tharraingt do Mhártan. Níor chuala mé go rabh sé ina mhiulleoir nó ina shaighdiúr. An fhuil a tharraingt roimh lá fhéile Mhártan, ba chuma cén lá roimhe, ach ní rabh sé a glacadh rud ar bith ina dhiaidh. Deiridís in Ainm An Athair, An Mhic agus An Spiorad Naomh, in onóir do Mhártan agus an t-éan dá mharbhú acu.

Ní chuala mé ariamh go ndéarnadh fuil a tharraingt i n-ónóir do naomh ar bith eile ach do Naomh Mártan.

Níl an bhean a gul a sníomhachán nó a'casadh túirne nó a déanamh roilléaracha, nó an bhró féin. Níl rud dhá casadh lá fhéile Mártan. Níor mhaith le daoine sa tsean-aimsir a bheith a'cartadh créafóige. Ní maith le tailliúirí fós féin bheith a casadh an tsnátha ar an lá.